# Ceisteanna Coitianta

## Eolas faoin gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach.

### 1. Cén fáth a bhfuil Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach á thabhairt isteach?

Tá Clár um Lóistín ar Cíos Gearrthéarmach á thabhairt isteach ag Fáilte Ireland le haghaidh gach áit lóistín ar cíos gearrthéarmach in Éirinn.

Is é an aidhm atá ag Fáilte Ireland, faoi threoir bheartas Tithíochta do Chách an Rialtais, a cheangal ar aon pháirtí a thairgeann áit lóistín íoctha ar bhonn gearrthéarmach do thurasóirí (dá ngairtear "Lóistín a Ligean ar Cíos Gearrthéarmach" nó "LCG") a bheith cláraithe ar Chlár agus uimhir chlárúcháin bhailí arna heisiúint ag Fáilte Ireland a bheith acu.

Beidh leasuithe atá le teacht ar na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta 1939 – 2016 mar thaca ag an gClár seo.

### 2. Conas a oibreoidh an Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach?

Ní mór do pháirtí ar bith a thairgeann lóistín íoctha ar feadh tréimhsí suas le 21 oíche, agus 21 oíche san áireamh, a bheith cláraithe le Fáilte Ireland. Is féidir le húinéirí réadmhaoine clárú trí thairseach ar líne atá tapa agus so-úsáidte, ina ndéanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Sonraí an úinéara agus na réadmhaoine (Éirchód san áireamh) a chur isteach.
- A dheimhniú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí reachtúla (trí bhíthin féindearbhaithe).
- An táille chlárúcháin a íoc (clár bliantúil a bheidh anseo a bheidh le hathnuachan gach bliain).

Nuair a bheidh siad cláraithe gheobhaidh siad uimhir chlárúcháin láithreach a sholáthróidh siad do gach ardán ar líne agus gach suíomh gréasáin ar a bhfógrófar nó ar a liostófar a réadmhaoin.

Níl réadmhaoin cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Cíos Gearrthéarmach Ceadaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland. Tá tuilleadh faisnéise faoi bheith dearbhaithe agus Ceadaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland faoin gCreat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta ar fáil anseo Dearbhú Cáilíochta Fáilte Ireland.

### 3. Cad a bheidh le déanamh agam le m'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach?

Ceanglófar ar úinéirí réadmhaoine uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach de chuid Fáilte Ireland a thaispeáint ar gach ardán áirithinte (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin réadmhaoine) agus ar gach fógra.

## 4. Cad iad na ceanglais maidir le húinéirí réadmhaoine Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach?

Is iad seo a leanas na ceanglais d'úinéirí réadmhaoine:

- A chinntiú go bhfuil réadmhaoin cláraithe le Fáilte Ireland chun uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Ghearrthéarmach a fháil.
- A chinntiú go gcuirfear faisnéis chruinn úinéara agus réadmhaoine (Éirchód san áireamh) ar fáil agus réadmhaoin Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach á clárú.
- A chinntiú go gcomhlíonann gach réadmhaoin atá cláraithe na oibleagáidí reachtúla ábhartha (teastaíonn féindearbhú le haghaidh clárúcháin le Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach).
- Uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach a sholáthar d'ardán áirithinte agus fógra á chur isteach.
- Uimhir chlárúcháin bhailí um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach nuair a fhógraítear a réadmhaoin.

## 5. Conas a chláróidh mé?

Beidh an córas clárúcháin ar líne trí thairseach chlárúcháin thiomnaithe de chuid Fáilte Ireland. Chun réadmhaoin a chlárú, beidh úinéirí réadmhaoine in ann clárú go tapa leis an tairseach trí úsáid a bhaint as a seoladh ríomhphoist, sonraí an úinéara agus sonraí na réadmhaoine a chur isteach (Éirchód san áireamh), a dheimhniú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí reachtúla ábhartha (trí bhíthin féindearbhaithe) agus táille chlárúcháin a íoc. Gheobhaidh siad uimhir chlárúcháin uathúil láithreach le haghaidh gach réadmhaoin cláraithe.

## 6. Cathain a chláróidh mé?

Nuair a shíneofar reachtaíocht ina dlí, seolfar Clár um Lóistín ar Cíos Gearrthéarmach Fáilte Ireland do gach lóistín gearrthéarmach in Éirinn go luath ina dhiaidh sin. Beidh ar úinéirí réadmhaoine agus ar ardáin áirithinte uimhir chlárúcháin bhailí um Lóistín ar Cíos Gearrthéarmach a thaispeáint agus fógraíocht á déanamh ar réadmhaoin acu.

Molaimid do gach úinéir réadmhaoine a d'fhéadfadh a bheith neamhchinnte faoina n-oibleagáidí reachtúla aon soiléiriú is gá a fháil le cinntiú go bhfuil a gceanglais reachtúla á gcomhlíonadh acu.

## 7. Cad iad na táillí a bheidh i gceist?

Fógrófar na táillí clárúcháin go luath. Agus muid ar an eolas faoi na dúshláin atá le sárú ag teaghlaigh agus gnólachtaí, coinneofar na táillí chomh híseal agus is féidir.

## 8. Cá fhad a ghlacfaidh sé chun réadmhaoin Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach a chlárú?

Ceanglófar ar úinéirí réadmhaoine clárú agus úsáid a baint acu as seoladh ríomhphoist a bhfíorófar sula gcruthófar pasfhocal, agus ní ghlacfaidh sé sin ar fad ach nóiméad nó dhó. Nuair a bheidh tú sínithe isteach, beidh an tairseach chlárúcháin ar fáil chun do réadmhaoin a chlárú. Braithfidh an fad ama a ghlacfaidh sé sin ar líon na réadmhaoine a bheidh á gclárú. Má tá an t-eolas ar fad lámh leis an duine a bheidh ag clárú e.g. Éirchód, sonraí íocaíochta srl., agus na sonraí faoi réadmhaoin á gcur isteach acu díreach, níor cheart go nglacfaidh sé níos mó ná 5 nóiméad an próiseas iomlán a chur i gcrích. Is féidir iarratais a shábháil agus a chomhlánú ag tráth níos déanaí, agus féadfar roinnt réadmhaoine a chlárú ag aon am amháin.

## 9. Cad a tharlóidh nuair a chláróidh mé mo réadmhaoin?

- Nuair a chláróidh tú do réadmhaoin/réadmhaoine gheobhaidh tú deimhniú maidir le d'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach, beidh sé sin bailí ar feadh 12 mhí ón dáta eisiúna.
- Beidh ort d'uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach a thaispeáint ar gach ardán áirithinte (lena n-áirítear suíomhanna gréasáin réadmhaoine) agus ar gach fógra.
- Beidh réadmhaoine cláraithe inchuardaithe go poiblí, tríd an suíomh gréasáin Fáilte Ireland.

## 10. An mbeidh Eircode ag teastáil uaim chun clárú?

Beidh, beidh ort sonraí Éirchóid na réadmhaoine atá á clárú agat a chur isteach.

## 11. An mbeidh orm aon doiciméid tacaíochta a uaslódáil?

Ní bheidh ort aon doiciméid tacaíochta a uaslódáil agus tú ag clárú. Mar sin féin, d'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh leat i ndiaidh clárúcháin i gcomhair soiléiriú ar do chlárúchán.

## 12. Cén fáth ar roghnaíodh an tairseach 21 oíche?

Is é an dearcadh atá Fáilte Ireland, i gcomhthéacs mhargadh na turasóireachta, go mbeidh fanacht gearrthéarmach/saoire ar siúl go ginearálta thar thréimhse trí seachtaine ar a mhéad, i.e. 21 oíche, mar sin mheasamar go raibh sé cuí an tairseach sin a shocrú don Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach.

Tugaimid faoi deara go bhfuil difríocht idir an sainmhíniú ar Lóistín a Ligean ar Chíos Ghearrthéarmach faoi rialacháin eile e.g. sainmhínithe faoi rialacháin phleanála atá ann cheana. Mar sin féin, tá difríocht idir an bonn taca don Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach agus na ceanglais atá leagtha amach sa reachtaíocht/rialacháin phleanála i dtéarmaí an chuspóra agus an toraidh atá beartaithe.

Fuarthas na sainmhínithe dá bhforáiltear faoin dréacht-Bhille ó dhearcadh turasóireachta.

## 13. Céard is ardán ar líne ann?

Is éard is ardán ar líne ann ná margadh digiteach/idirlíonbhunaithe, inar féidir Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach a fhógairt.

## Ceisteanna maidir le ceanglais phleanála

Tá reachtaíocht, rialacháin agus beartas pleanála leagtha síos ar an leibhéal náisiúnta ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá feidhmeanna pleanála, lena n-áirítear monatóireacht agus forfheidhmiú na rialachán pleanála ábhartha, faoi fhreagracht an Údaráis Áitiúil iomchuí. Níl ról ag Fáilte Ireland maidir le pleanáil, agus ní féidir leis comhairle nó cúnamh a thabhairt maidir le haon cheisteanna i ndáil le rialacháin phleanála. Ba cheart aon cheisteanna ar leith/a bhaineann leis an gcás a chur chuig an Údarás Áitiúil iomchuí.

### 14. Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoi rialacháin agus faoi cheanglais maidir le pleanáil?

Tá feidhmeanna pleanála, lena n-áirítear monatóireacht agus forfheidhmiú na rialachán pleanála ábhartha, fós faoi fhreagracht an Údaráis Áitiúil iomchuí. Níl ról ag Fáilte Ireland maidir le pleanáil, agus ní féidir leis comhairle nó cúnamh a thabhairt maidir le haon cheisteanna i ndáil le rialacháin phleanála. Ba cheart aon cheisteanna ar leith/a bhaineann leis an gcás a chur chuig an Údarás Áitiúil iomchuí.

Féach, le do thoil, ar threoir reatha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach - (gov.ie - Ciorclán PL 04/2019 - Rialachán Nua maidir le Lóistín a Ligean ar Chíos Gearrthéarmach (www.gov.ie)). Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoirlínte nua pleanála a eisiúint chuig údaráis áitiúla chun soiléireacht a sholáthar agus iarratais phleanála á gcinneadh maidir le lóistín a ligean ar chíos gearrthéarmach. Ba cheart aon cheist maidir le stádas nó ábhar na treoracha seo a chur chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### 15. Mura bhfuil stádas pleanála mo réadmhaoine ar eolas agam, an féidir liom clárú ar an gClár LCG?

Agus iad ag clárú, beidh deis ag úinéirí réadmhaoine chun a dhearbhú go gcomhlíonann gach réadmhaoin chláraithe na hoibleagáidí reachtúla ábhartha. Molaimid do gach úinéir réadmhaoine a d’fhéadfadh a bheith neamhchinnte faoina n-oibleagáidí reachtúla faoi láthair aon soiléiriú is gá a fháil anois lena chinntiú go bhfuil a gceanglais reachtúla á gcomhlíonadh acu.

## Cláir reatha lóistíní Fáilte Ireland.

Forbraíodh Creat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta Fáilte Ireland chun deimhniú a thabhairt do chuairteoirí go bhfuil íoschaighdeáin atá aitheanta go náisiúnta i bhfeidhm d’áiteanna lóistín turasóireachta. Dearadh an creat freisin chun caighdeáin a choimeád agus a fhorbairt ar fud thionscal na n-áiteanna lóistín do thurasóirí agus chun tacú le forbairt gnólachtaí aonair lóistíní turasóireachta.

### 16. Cad é sainchúram Fáilte Ireland maidir le caighdeáin agus rialacháin maidir le háiteanna lóistíní do thurasóirí a bhainistiú?

Feidhmíonn Fáilte Ireland an Creat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta ina gcuimsítear cineálacha agus stíleanna éagsúla um áiteanna lóistín do thurasóirí. Tá sé mar aidhm leis an gCreat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta siombailí agus caighdeáin seirbhíse atá so-aitheanta a sholáthar do thomhaltóirí a bhfuil muinín acu astu. Agus é ag obair le soláthraithe turasóireachta, is mian le Fáilte Ireland a chinntiú go gcomhlíonfaidh na caighdeáin sin ionchais na dtomhaltóirí, go gcuideoidh siad le hiarrachtaí margaíochta, agus go dtacóidh siad le forbairt táirgí.

Ní mór do gach stíl lóistín turasóireachta na rialacháin ábhartha nó critéir na gcaighdeán íosta a chomhlíonadh. Cuirfidh Fáilte Ireland fáilte roimh aon áiteanna lóistín turasóireachta ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach páirt a ghlacadh sa Chreat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta agus cuideoidh sé leo leis sin. Déan teagmháil linn ar 0818 888800 nó qualityassurance@failteireland.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

**NÓTA:** Ní chiallaíonn clárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach go bhfuil an réadmhaoin Dearbhaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland. Cuirfear fáilte roimh aon réadmhaoin atá cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach í nach bhfuil ina gcuid den Chreat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta cheana féin iarratas a dhéanamh más mian leo é sin a dhéanamh.

### 17. Cad é an difríocht idir an Clár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach agus an Creat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta?

Forbraíodh Creat Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta Fáilte Ireland chun deimhniú a thabhairt do chuairteoirí go bhfuil íoschaighdeáin atá aitheanta go náisiúnta i bhfeidhm do lóistín turasóireachta. Dearadh an creat freisin chun caighdeáin a choimeád agus a fhorbairt ar fud an tionscail lóistín do thurasóirí agus chun tacú le forbairt gnólachtaí aonair lóistíní turasóireachta.

Ní chiallaíonn clárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach go bhfuil an réadmhaoin Dearbhaithe i leith Cáilíochta ag Fáilte Ireland. Ní dhéanfar measúnú cáilíochta ar lóistín atá cláraithe ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach.

### 18. Má táim ar an nGearrliosta don Chlár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach, an mbeidh mé liostaithe ar DiscoverIreland.ie?

Ní chiallaíonn clárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach go mbeidh réadmhaoin liostaithe ar DiscoverIreland.ie. Chun do réadmhaoin a liostú ar shuíomh gréasáin Discover Ireland ní mór go mbeidh Dearbhú Cáilíochta faighte agat ó Fáilte Ireland le haghaidh do réadmhaoine agus beidh ort an t-eolas riachtanach atá le fáil ar ár leathanach Margaíochta a chomhlánú.

## An gá dom clárú?

### 19. Ní ligim seomra ar cíos ach ó am go chéile, an mbeidh orm clárú?

Ní mór do gach úinéir réadmhaoine a bhfuil Áiteanna Lóistín a ligean ar Chíos Gearrthéarmach acu ar feadh tréimhsí suas go dtí 21 oíche agus é sin san áireamh a réadmhaoin a chlárú le Fáilte Ireland. Beidh gá d’uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach a athnuachan gach bliain.

### 20. Ligim seomra ar cíos do mhic léinn in aghaidh an tseimeastair, an mbeidh orm clárú?

Ní bheidh. Má ligtear d'áit lóistín ar cíos ar feadh tréimhse níos faide ná 21 oíche ní bheidh uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach ag teastáil uait.

### 21. An mbeidh ar sholáthraithe áiteanna lóistín do mhic léinn clárú?

Beidh ar sholáthraithe áiteanna lóistín do mhic léinn a ligean a gcuid réadmhaoine ar cíos ar feadh tréimhsí suas go dtí 21 oíche agus é sin san áireamh a réadmhaoin a chlárú ar an gClár um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach.

### 22. Ligim seomra ar cíos ar bhonn buan, an mbeidh orm clárú?

Ní bheidh. Má ligtear d'áit lóistín ar cíos ar feadh tréimhse níos faide ná 21 oíche ní bheidh uimhir chlárúcháin um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach ag teastáil uait.

### 23. Cad a tharlóidh mura ndéanaim an clárúchán um Lóistín ar Chíos Gearrthéarmach le haghaidh réadmhaoine cláraithe a athnuachan?

Ní mór do chlárúchán um Lóistín ar Cíos Gearrthéarmach a athnuachan go bliantúil mar go rachaidh an uimhir in éag. Eiseofar meabhrúcháin athnuachana roimh an dáta éaga. Mura ndéanann tú do chlárú a athnuachan, bainfear an réadmhaoin den Chlár agus beidh an uimhir chlárúcháin a d'eisigh Fáilte Ireland neamhbhailí.

***Murar fhreagraíodh do cheist anseo, déan teagmháil lenár bhFoireann Tacaíochta do Chustaiméirí, le do thoil.***

Fáilte Ireland | An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta | National Tourism Development Authority